C/2024/6813

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na hEastóine

(C/2024/6813)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Eastóin caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([3]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair, agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin sé inti go bhfuil an Eastóin ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh di, nó a bhféadfadh baol a bheith go ndéanfaidís difear di, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na hEastóine 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus faireachas buiséadach iltaobhach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle arna leasú maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle arna leasú maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus sa mheántéarma an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóiriúcháin agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse coigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 18 Meitheamh 2021, chuir an Eastóin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine ([9]), a leasaíodh an 16 Meitheamh 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Eastóin. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 25 Aibreán 2024, thíolaic an Eastóin a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus, an 30 Aibreán 2024, thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta le haghaidh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na hEastóine maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Eastóin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hEastóine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hEastóine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na hEastóine ó easnamh 1,0 % de OTI in 2022 go heasnamh 3,4 % in 2023, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 18,5 % de OTI ag deireadh 2022 go 19,6 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 dar teideal 'Treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024', tá an chéad chéim á tabhairt ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann cheana. An 19 Meitheamh 2024, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na hEastóine, ós rud é gur sháraigh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2023 luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna leagan amach de bhun Airteagal 126(4) den Chonradh a mheas, nach molfaidh an Coimisiún i mí Iúil 2024 tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach le haghaidh na hEastóine.

(11) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([12]) go ndéanfadh an Eastóin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais airgeadais in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Mhol an Chomhairle don Eastóin a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol sí don Eastóin freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais

([9]) ST 12532/21 INIT; ST 12532/21 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine (ST 9367/2023 INIT; ST 9367/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na hEastóine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na hEastóine (IO C 334, 1.9.2022, lch. 44).

agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh a leathnú, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([13]) ag fás, faoi 1,6 % de OTI, i gcomhthéacs boilsciú ard. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, rinneadh ranníocaíocht fhorleathnaitheach 1,0 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin laghdú 0,1 % de OTI ar chostas na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, mar aon le laghdú 0,2 % de OTI ar chostas níos airde chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Dá bhrí sin, ní raibh ranníocaíocht fhorleathnaitheach an ghlanchaiteachais reatha phríomha á mhaoiniú go náisiúnta in 2023 de thoradh na tacaíochta a tugadh do dhaoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin ach ina cuid. Ba iad méaduithe buana ar phá na hearnála poiblí agus ar phinsin, mar aon le cláir caiteachas buana nua maidir le cosaint, oideachas agus sochair leanaí ba chúis freisin leis an bhfás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, ní raibh fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard a bhí i gceist leis an gcaiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid agus faoi chistí eile de chuid an 1,4 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 5,8 % de OTI in 2023, agus méadú bliantúil 1,4 pointe céatadáin ó 2022. Mhaoinigh an Eastóin infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh an Eastóin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail seirbhísí imeachtaí agus tairseach dhigiteach d'fhiontraithe a fhorbairt, an Ciste Glas a chaipitliú (Ciste a dhéanann infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair nó in infheistíochtaí cothromais i bhfiontair) agus an t-eangach leictreachais a neartú chun acmhainneacht táirgeachta fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus oiriúnú don athrú aeráide. Maoinítear an infheistíocht phoiblí sin leis an tSaoráid.

(12) I gClár Cobhsaíochta 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 0,0 % in 2024 agus 2,0 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) 3,6 % in 2024 agus 2,7 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,5 % de OTI in 2024 ([14]) agus go 3,0 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 22,6 % faoi dheireadh 2024 agus go 24,9 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,2 % de OTI in 2026, go 1,4 % in 2027 agus go 0,8 % in 2028. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe nach sháróidh an comhardú rialtais ghinearálta luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI ó 2025 ar aghaidh. Dá bhrí sin réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú, tar éis 2025, ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 26,2 % in 2026 agus ansin go laghdófar é de réir a chéile go 26,0 % in 2027 agus 25,0 % in 2028.

(13) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go gcrapfaidh an fíor-OTI faoi 0,5 % in 2024 agus 3,1 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú arna thomhas le ICPT ar ráta 3,4 % in 2024 agus 2,1 % in 2025 i gceist.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 3,4 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 21,4 % faoi dheireadh 2024. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2024 tionchar an easnaimh rialtais. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach neodrach den chuid is mó ag 0,1 % de OTI in 2024.

(15) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,9 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,3 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta nó fiacha na hEastóine.

(16) An 14 Iúil 2023 mhol ([15]) an Chomhairle don Eastóin beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 4,9 %. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le

([13]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais.

([14]) Chuir údaráis na hEastóine an Coimisiún ar an eolas gur chomhaontaigh an rialtas buiséad forlíontach agus gur sheol sé chuig an bparlaimint náisiúnta an 5 Meitheamh 2024 é, (Gníomh Buiséid Bhreise Stát 2024 456 SE), buiséad forlíontach a ndeachaigh thar chéim an chéad léamh sa pharlaimint náisiúnta an 10 Meitheamh, an dara léamh an 14 Meitheamh agus tá coinne leis go rachaidh sé thar chéim an tríú léamh an 19 Meitheamh 2024. Meastar go laghdóidh an buiséad forlíontach sin an t-easnamh ainmniúil le 0,4 % de OTI (ar ciorruithe caiteachais buana iad ar an bhformhór, ach lena n-áirítear freisin bearta méadaithe ioncaim).

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú de chuid na hEastóine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2023 de chuid na hEastóine (IO C 312, 1.9.2023, lch. 49).

nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh comhardú struchtúrach na Danmhairge ag - 0,7 % de OTI in 2024 (i gcomparáid le - 1,3 % de OTI in 2023), agus ar an gcaoi sin, ag cuspóir buiséadach meántéarmach na tíre maidir le comhardú struchtúrach - 0,75 % de OTI. Dá bhrí sin meastar go bhfuil an Eastóin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(17) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Eastóin gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Eastóin a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 0,2 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([16]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gur 0,0 % a bheidh ann in 2024 agus in 2025 araon. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá an méid sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(18) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Eastóin infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú uirthi ó 5,8 % de OTI in 2023 go 6,3 % de OTI in 2024. Tá an méid sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(19) De bhun bearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,3 % de OTI in 2025. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó glantionchar athchóirithe ar cháin ioncaim phearsanta a bhfuil coinne leis go laghdóidh sé ioncam an rialtais. Meastar go dtiocfaidh méadú go 24,6 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025. Dén chuid is mó léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 tionchar an easnaimh rialtais .

(20) Mhéadaigh ioncam cáin na hEastóine mar sciar de OTI in 2023, ach tá sé go mór faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuireann teorainn leis an maoiniú atá ar fáil le haghaidh caiteachas poiblí ar chúram sláinte, ar chúram fadtéarmach agus ar chosaint shóisialta. In 2022, ba é 0,3 % de OTI an t-ioncam ó chánacha maoine, atá i measc na gcánacha is lú a dhéanann dochar don fhás, leibhéal atá thart ar seacht n-oiread níos ísle ná meán an Aontais. Bhailigh an Eastóin níos lú ná trian de mheán an Aontais ó chánacha caipitil (2,7 % de OTI), bhí cuid de na cánacha iompair is ísle san Aontas aici agus tá sí ar cheann den bheagán Ballstát nach bhfuil cáin bhliantúil ar charranna acu. Thairis sin, tá an t-ualach cánach scaipthe go míchothrom, agus tá na hathchóirithe cánacha atá ar na mallaibh chun cur níos mó leis an neamh-chomhionannas. Níos sonraí fós, in 2025, maidir le méadú ar an ráta cánach ioncaim ó 20 % go 22 %, agus méadú ar an ndíolúine cánach bunúsach in éineacht le leathnú ar a raon go gcumhdófar na cáiníocóirí ioncaim ar fad, beidh siad cúlchéimnitheach. Chomh maith leis sin, tá ioncam ó cháin saothair na hEastóine cúlchéimnitheach, cé go bhfuil sé gar do mheán an Aontais agus é ag 17,2 %, mar go ndéantar leis ráta cánach éifeachtach níos ísle a ghearradh ar leibhéil ioncaim níos airde. Tháinig laghdú ar an gcaiteachas poiblí ar chosaint shóisialta in 2022, agus tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Leibhéil réasúnta íseal agus cumhdach teoranta sochar sóisialta atá ann dá bharr, agus tá pinsin seanaoise ar na pinsin is ísle san Aontas. Tá an caiteachas ar sheirbhísí poiblí ginearálta, arb 3,7 % de OTI é, beagnach dhá thrian níos ísle ná meán an Aontais.

(21) Ghlac an Eastóin roinnt athchóirithe chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht cúraim fhadtéarmaigh agus cúraim sláinte. Cé go bhfuil na hathchóirithe ag dul sa treo ceart, ní áirithítear cistiú inbhuanaithe go fóill le haghaidh cúram fadtéarmach agus cúram sláinte. Mar thoradh air sin, tá íocaíochtaí as póca fós ard agus tá méadú tagtha ar an riachtanas nach bhfuiltear ag freastal air maidir le cúram leighis. Tá an rochtain ar chúram leighis éagothrom ar fud na tíre go háirithe mar gheall ar an easpa acmhainneachta agus acmhainní sna bardais chun dóthain seirbhísí a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh. Gan an t-éileamh a bheith comhlíonta go hiomlán, tá an caiteachas poiblí ar chúram fadtéarmach agus ar chúram sláinte fós i measc an chaiteachais phoiblí is ísle san Aontas. In éineacht leis sin tá ganntanais lucht saothair sna hearnálacha sin. Mar gheall ar athruithe sa déimeagrafaíocht, meastar go méadófar an t-éileamh ar rochtain ar chúram fadtéarmach agus ar chúram sláinte. Is gá, dá bhrí sin, cistiú leordhóthanach a áirithiú don dá rud.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hEastóine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean

([16]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Eastóin leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), tá sé de cheangal ar an Eastóin gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE +), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an Eastóin maidir leis na cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann idir an phríomhchathair agus an chuid eile den Eastóin. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. Tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir beartais comhtháthaithe ábhartha i gcónaí. Tá sé thar a bheith tábhachtach iomaíochas cuideachtaí a mhéadú, go háirithe na cuideachtaí sin taobh amuigh de limistéar cathrach agus borradh a cur faoina gcumas dul i mbun nuálaíochta. Is ardtosaíocht í éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh príobháideacha agus poiblí a fheabhsú, chomh maith le gnólachtaí. Rochtain ar fhostaíocht trí bhearta gníomhacha coisctheacha sa mhargadh saothair agus timpeallacht oibre shláintiúil a chur chun cinn, tá siad fós tábhachtach. Ba cheart tús áite a thabhairt freisin do chaighdeán, éifeachtacht agus ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna maidir le margadh an tsaothair a fheabhsú; foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, go háirithe uas-sciliú agus athsciliú solúbtha chomh maith leis an gcuimsiú gníomhach; agus inrochtaineacht, éifeachtacht agus athléimneacht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a mhéadú. Mar chuid d'athbhreithniú meántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, is fiú tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht cúraim fhadtéarmaigh, agus tús áite a thabhairt don maireachtáil neamhspleách. D'fhéadfadh an Eastóin an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), a ghiaráil go háirithe a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht i monarú teicneolaíochtaí glan-nialasach agus tacú le claochlú na tionsclaíochta, cuir i gcás, sna réimsí nuálaíochta domhainteicneolaíochta, teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha agus an bhithleighis. D'fhéadfadh an Eastóin cur lena cumas mianra tearcithreach a phróiseáil agus dul i mbun taighde agus forbairt a thacódh leis sin.

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an Eastóin i ndáil le cosaint sóisialta, éifeachtúlacht acmhainní agus scileanna.

(25) An chosaint sóisialta chun tacú le seanóirí, le daoine faoi mhíchumas agus leo siúd a bhíonn i mbun tréimhsí gearra oibre agus cineálacha neamhchaighdeánacha oibre, tá sí fós lag. Mar thoradh, ní hamháin gur mhéadaigh sciar na ndaoine faoi mhíchumas atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta in 2022 ach ba é an dara sciar ab airde san Aontas. Tá bochtaineacht seanaoise ag dul i méid agus bhí sí ar cheann de na leibhéil ab airde san Aontas in 2022, go príomha toisc go bhfuil pinsin fós íseal i gcomparáid le hioncaim oibre. Mar thoradh ar leordhóthanacht íseal an líontáin sábhála shóisialta tá éagothroime ioncaim ard ann agus tá sé ag dul i méid, d'ainneoin gur tháinig beagán feabhas leis na blianta roimhe sin. Déanann chumhdach íseal na sochar dífhostaíochta, go háirithe dóibh siúd a bhíonn i mbun tréimhsí gearra oibre agus cineálacha neamhchaighdeánacha oibre, an neamhionannas ioncaim agus an bhochtaineacht níos measa. Cé gur coigeartaíodh fad na sochar dífhostaíochta faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine, níor cuireadh leathnú an chumhdaigh chun feidhme go fóill. An neamhionannas atá ag ardú, tá sé nasctha leis an méadú suntasach i bpraghsanna agus sa chostas maireachtála, méadú nach bhfuil le feiceáil sna sochair shóisialta ná an t-íosphá. Tá meath tagtha ar chás na dteaghlaigh ar ioncam íseal de dheasca boilsciú ard leanúnach san am a chaitheadh agus tá meath breise le teacht air de dheasca na n-athchóirithe cánach a rinneadh in 2024-2025. Le bearta maolaithe leordhóthanacha a áirithiú, lena n-áirítear le haghaidh pinsin, chomh maith le leordhóthanacht an chóras chosaint shóisialta a mhéadú, d'fhéadfaí bochtaineacht agus neamhionannais a laghdú. Rannchuideodh na bearta sin ar fad freisin le tacaíocht a thabhairt don chóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara chéime de chuid an Choimisiúin, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, a tugadh isteach ar bhonn píolótach in 2024. I gcomhréir le hAirteagal 3(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263, ní mór a áirithiú sa Seimeastar Eorpach faireachas ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta ag an gCoimisiún, *inter alia* trí chreat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint.

([17]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([18]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(26) Tá sciar scealla ola i measc fuinnimh na hEastóine fós mór agus tá sé ag cur bac leis an aistriú glas. Tá gá le tuilleadh úsáid de tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite chun cuidiú le deireadh a chur le scealla ola de réir a chéile agus, an tráth céanna, ardleibhéal neamhspleáchas fuinnimh a choinneáil. Anuas ar dhamáiste a dhéanamh don chomhshaol, baineann 90 % de dhramhaíl ghuaiseach na hEastóine leis an tionscal scealla ola. Tá ceann de na rátaí is ísle de tháirgiúlacht acmhainní i measc Bhallstáit an Aontais ag an Eastóin, rud arbh fhéidir a eascair go páirteach as tionscal scealla ola na tíre atá dian ar acmhainní, agus as an gcóras tionsclaíoch foriomlán atá dian ar acmhainní. Tháinig méadú fíor-bheag ar tháirgiúlacht acmhainní ó 1 EUR/kg d'acmhainní úsáidte go dtí 1,1 EUR/kg, ag fanacht níos lú ná leath mheán an Aontais in 2022. Tá earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta tar éis iompú ina astaíre CO_2 in ionad a bheith ina hionsúire. Saintréith de hearnáil na foraoiseachta is ea líon ard leagan crann, chomh maith le luacháil acmhainní íseal. Bhainfeadh an Eastóin tairbhe as éifeachtúlacht bainistiú inbhuanaithe foraoisí a mhéadú, as aistriú níos mó go dtí geilleagar ciorclach agus as bainistiú dramhaíl a fheabhsú. Thairis sin, is é an táirgiúlacht acmhainní ceann de laigí na hEastóine i dtaca le cumas nuálaíochta na tíre. Rangaíodh an Eastóin sa 13ú háit ar Scórchlár Éiceanuálaíochta 2022 (115,5 i gcoinne meán 121,5 san Aontas, i gcoibhneas le meán an Aontais de 100 in 2013). Borradh a chur faoi éiceanuálaíocht agus nuálaíocht bhithbhunaithe le haghaidh úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, cuideoidh sé le táirgiúlacht acmhainní agus iomaíochas na hEastóine a fheabhsú.

(27) Tá ganntanas agus neamhréireanna scileanna i go leor earnálacha agus laghdaíonn siad iomaíochas na hEastóine. Shainaithin gnólachtaí gur bacainn ar infheistíocht agus ar a n-acmhainneacht onnmhairithe é an t-easpa oibrithe oilte. Tagann ganntanas oibrithe oilte agus neamhréireanna móra scileanna le fás mear tuarastail agus méaduithe ar chostais aonaid saothair. Leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, tá méadú ar éileamh ar oibrithe a bhfuil sainscileanna acu, agus tá ganntanais i réimsí an chúraim sláinte agus an oideachais fós go dona agus tá siad ag méadú de dheasca aosú an lucht saothair. Sa tráth céanna, mar thoradh ar rátaí réasúnta ard maidir le luathfhágáil na scoile agus an ardoideachais, tá líon neamhleor céimithe oilte ann. Baineann gné réigiúnach ar leith leis an bhfadhb, toisc go bhfuil níos mó deacrachtaí ag limistéir tuaithe agus iargúlta gairmithe cáilithe a mhealladh. D'fhéadfaí teorann a chur le neamhréireanna scileanna trí tuilleadh feabhais a chur ar ábharthacht an chórais oideachais agus oiliúna ó thaobh mhargadh an tsaothair de, infheistíocht a dhéanamh sa ghairmthreoir, aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne, deiseanna maidir le huas-sciliú agus athsciliú, agus riachtanais scileanna a réamh-mheas ar bhealach níos fearr. Toisc gur gá don gheilleagar éagsúlú i ngníomhaíochtaí a bhfuil breisluach ard ag baint leo, chuideodh bealaí níos fearr chun tallann a mhealladh agus a choinneáil leis sin freisin.

(28) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a ranníocaíochtaí choiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na hEastóine, cuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh agus an ceathrú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Eastóin in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le ceanglais an Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar ghlanchaiteachas ([19]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach *inter alia* leis an easnamh rialtais ghinearálta a laghdú i dtreo luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, agus an fiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama go meántéarmach. An bonn cánach a leathnú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus maoiniú cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh.

2. Leanúint den phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun a áirithiú go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar na cláir sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhú chun gur fearr a thabharfar aghaidh ar riachtanais na hearnála cúraim fhadtéarmaigh agus na deiseanna a chuireann tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. An chosaint shóisialta a neartú, *inter alia* chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht seanaoise, agus trí chumhdach na sochar dífhostaíochta a leathnú, go háirithe dóibh siúd a bhíonn i mbun tréimhsí gearra oibre agus cineálacha neamhchaighdeánacha oibre.

([19]) De réir Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

4. Sciar scealla ola sa mheascán fuinnimh a laghdú agus táirgiúlacht acmhainní a mhéadú trí nuálaíocht bhithbhunaithe. Feabhas a chur le táirgiúlacht oibre agus soláthar scileanna tríd an uas-sciliú agus an athsciliú, agus trí thallann a mhealladh agus a choinneáil ar bhealach níos fearr.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.